



# Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh

Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

Is forbairt bheartaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta thoir theas í Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh. Cuirfidh an tionscadal leictreachas glan ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí in Éirinn.



## Energia

Mar cheann de na soláthraithe fuinnimh agus infheisteoirí bonneagair is mó dá bhfuil in Éirinn, soláthraíonn Energia thart ar 20% de riachtanas iomlán leictreachais na hÉireann agus tá sé freagrach as isteach agus amach le 25% den toilleadh iomlán fuinnimh gaoithe atá suiteáilte ar an oileán.



## Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Energia ag tacú le sprioc gníomhaíochta aeráide na hÉireann le hastaíochtaí carbóin a laghdú faoina leath faoi 2030 agus le bheith ina tír atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.



## Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta

Déanfaidh Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh a cion féin lenár soláthar fuinnimh a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú.



## Leictreachas Glan

Cuirfidh Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh leictreachas glan ar fáil do bhreis agus 500,000 teach.



## Suíomh

Is tionscadal fuinnimh in-athnuaite í Feirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh atá beartaithe le bheith ar a laghad 10km, agus suas le 25km, amach ó chósta Phort Láirge.



## Méid

Bheadh thart ar 40-60 tuirbín i gceist le gnáth-thionscadal gaoithe amach ón gcósta 600-800 MW.

## Buntáistí



## Geilleagrach

- Infheistíocht €2bn
- c. 800 post agus an obair thógála ar bun
- 70-100 post oibríochta agus cothabhála sa cheantar áitiúil
- Deiseanna slabhra soláthair do ghnólachtaí áitiúla



## Sóisialta

Faoin gCiste Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS), cuirfear ciste sochair pobail is fiú na milliúin euro ar fáil do thionscadail áitiúla gach bliain mar gheall ar ghnáthfheirm ghaoithe 600-800MW.



## An Chéim Reatha

Tá tús curtha ag Energia leis an bpróiseas measúnachta timpeallachta le haghaidh Thionscadal Fheirm Ghaoithe na Mara Ceiltí Thuaidh. Cuirfidh an t-aiseolas, an fhaisnéis agus an t-eolas áitiúil a chuirfidh tú ar fáil bonn eolais faoi fhorbairt agus dearadh an tionscadail.



## Amlíne Tháscach an Tionscadail

